Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Feabhra 2020
(OR. en)

6148/20

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0154(COD)

CODEC 122
JAI 127
ASIM 14
STATIS 13

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 maidir le staidreamh Comhphobail i ndáil le himirce agus le cosaint idirnáisiúnta **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus glacadh an ráitis faoi chúiseanna na Comhairle |

1. Ar an 16 Bealtaine 2018, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 338(1) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh ar an 16 Aibreán 2019[2].

3. An 27 Eanáir 2020, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh i ndáil leis an Rialachán thuasluaite[3].

[1] 9307/18.
[2] 8492/19.
[3] I gcomhréir leis an litir dar dáta an 13 Nollaig 2019, ó Chathaoirleach Choiste Pharlaimint na hEorpa um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile chuig Cathaoirleach COREPER, ba cheart do Pharlaimint na hEorpa, ar an dara léamh, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a fhormheas gan aon leasú a dhéanamh air.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

– an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, a leagtar amach in 15300/19, agus an ráiteas ar chúiseanna a leagtar amach in 15300/19 ADD 1, a ghlacadh mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus Málta agus an tSlóvaic ag vótáil ina choinne;

– a chinneadh go ndéanfar an ráiteas atá in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.